# Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

# Ráiteas Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

## Innéacs leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018


| | Leathanach |
|---|---|
| Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird | 3 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 4 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 5 |
| Gníomhaíochtaí agus Costais Phá | 6 |
| Polasaithe Cuntasaíochta | 7 |
| Ráiteas Oibriúcháin | 8 |
| Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha | 9 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 10 - 26 |

**Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí**

**Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Éilítear le hAlt 51 den Acht sin ar an BOO, i cibé foirm agus i cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadaítear ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais chuí is gnách ar airgead a fuarthas agus a chaitear.

Agus atá na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

**(a)** na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais BOO a ullmhú
**(b)** breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
**(c)** aon imeacht ábhartha ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil lena nochtar, le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá bhrí sin chun bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Sínithe:** ______________________

**An Comhairleoir Nick Killian**
**Cathaoirleach**

**Dáta:** 21/1/2019.

## Bord Oideachais & Oiliúna Lú agus na Mí

### Ráiteas ar an gCóra um Rialú Inmheánach 2018

Tháinig Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) i bhfeidhm an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 . Ar an dáta sin, ghlac BOOLM feidhmeanna iarchoistí gairmoideachais Chontae Lú agus Chontae na Mí . Le héifeacht ón 1 Iúil 2014, ghabh BOOLM air é féin, ó SOLAS, na sócmhainní, na dliteanais agus bainistiú na ngníomhaíochtaí d'Ionad Oiliúna Dhún Dealgan.

Cuirtear an cód rialachais le haghaidh BOO atá leagtha amach i Litir Chiorcláin 18/2015, a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna do gach BOO an 16 Márta 2015. Glacadh leis an gcód rialachais ag an gcruinniú a reáchtáladh an 4 Meitheamh 2015 agus bhi an cód i bhfeidhm i rith 2018. Tháinig an coiste iniúchta agus riosca le chéile duine le duine ar thrí huaire le linn 2018 eadhon 08/02/18, 12/04/18 agus 06/12/18. Níorbh fhéidir an ceathrú cruinniú a thionól mar gheall ar chúinsí eisceachtúla . Rinne an coiste iniúchta agus riosca cumarsáid fhorleathan leis an bhfeidhmeannas agus leis an bPríomhfheidhmeannach i rith na bliana.

Creideann an coiste iniúchóireachta agus riosca go bhfuil an easpa atá ann faoi láthair maidir le hacmhainní foirne an cheist is mó a bhfuil tionchar aici ar chumas BOOLM comhlíonadh le gach ciorclán agus reachtaíocht ábhartha agus is ábhar mór imní é. Tugann an coiste dá aire an tábhacht a bhaineann le i ndóthain acmhainní a bheith i bhfeidhm chun eagraíocht d'fhairsing amhail an BOOLM a bhainistiú go héifeachtach.

D'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna cód cleachtais athbhreithnithe (Ciorclán 0002/2019) an 30 Eanáir 2019, le héifeacht ón dáta sin. Ghlac Bord BOOLM an cód seo ag a chruinniú an 31 Eanáir. Is é rún BOOLM oiliúint a rolladh amach, á heagrú ag BOOÉ, ar an gcód athbhreithnithe do bhaill an bhoird agus do phríomhbhaill foirne. Idir an dá linn tabharfaidh BOOLM treoir agus cúnamh do bhaill an bhoird ar ábhair a bhaineann leis an gcód athbhreithnithe.

#### Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach

Mar Chathaoirleach ar BOOLM, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas rialaithe inmheánaigh éifeachtúil agus éifeachtach. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil na sócmhainní faoi chosaint, agus go ndéantar na hidirbhearta a údarú go cuí agus a thaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar nó go mbraitear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha go tráthúil.

#### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú tríd an méid seo a leanas:

- Nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú;
- Struchtúr nua foirne bainistíochta sinsearaí a thabhairt isteach in 2016/17 agus athstruchtúrú iomlán na stiúrthóireachta eagraíochta, tacaíochta agus forbartha (DOSD) chuig láithreacha aonair in 2017;
- Rinne BOOLM beartais agus nósanna imeachta a nuashonrú agus a fhaomhadh lena n-áirítear do scoileanna/ionaid;
- Tá córas foirmiúil bainistíochta riosca ag BOOLM chun gach riosca a shainaithint agus a mheas a d'fhéadfadh cosc a chur ar BOOLM a chuspóirí a bhaint amach. Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil don bhord agus don choiste iniúchta agus riosca agus is mír bhuan den chlár oibre é ag cruinnithe na foirne bainistíochta sinsearaí;
- Tá struchtúr foirmiúil bord bainistíochta curtha i bhfeidhm ar fud seirbhísí Ógtheagmhála; agus,
- Neartaíodh socruithe soláthair agus bainistíochta sócmhainní ar fud BOOLM.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a oibrítear i BOOLM bunaithe ar:

- Nósanna imeachta riaracháin mionsonraithe;
- Deighilt dualgais;
- Údaruithe sonracha;
- Seiceálacha inmheánacha; agus,

- Athbhreithniú míosúil bainistíochta ar thuarascálacha lena leagtar amach torthaí iarbhír agus buiséadaithe na gclár a fheidhmíonn an BOOLM.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas leis na nithe seo a leanas:

- Moltaí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG);
- Tuarascálacha ón gcoiste iniúchta agus riosca; agus,
- Príomhfheidhmeannach atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais.

**Iniúchadh inmheánach**

Soláthraíonn an tAonad Iniúchta Inmheánaigh (AII) iniúchadh inmheánach . Fuarthas tuarascáil iniúchta ar chóras TF BOOLM i mí Iúil 2018. Measfar an tuarascáil iniúchóra nár leor an chóras um rialú inmheánach do chórais TF agus rialuithe bainistíochta oibre. Ghlac bainistíocht BOOLM leis an gcinneadh seo agus gheall siad gníomhaíochtaí sonracha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt air . Tá 8 moladh go hiomlán curtha i gcrích, tá 13 ar bun agus tá 3 le tosú . Tá plean struchtúrtha i bhfeidhm ag BOOLM maidir le freagairt do na moltaí agus tá súil aige aghaidh a thabhairt ar gach saincheist sna 12 mhí amach romhainn. D'eisigh an IAU Iniúchadh ar sheirbhísí Ógtheagmhála an 15 Feabhra 2019 . Mheas sé go raibh an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm maidir le hÓgtheagmháil leordhóthanach. Tá an obair allamuigh IAU curtha i gcrích maidir le Soláthraithe Oiliúna Speisialtóra. D'ainneoin na hoibre luachmhara a chuir an IAU i gcrích in 2018, de bharr fairsinge na n-oibríochtaí BOOLM, tá gá le leibhéal an iniúchta inmheánaigh a mhéadú le hacmhainní comhthráthacha den IAU chun é sin a sheachadadh.

**Soláthar Poiblí**

Tá beartas soláthair faofa ag an mbord agus is é an tríú cheann i sraith de Phleananna Soláthair Chorparáidigh bliantúla {CPPs) atá i bhfeidhm sa réimse seo chun feabhas leanúnach a chur air. Neartaíodh an inniúlacht trí oiliúint, acmhainní breise foirne agus foireann bainistíochta sinsearaí atá dírithe ar chomhlíonadh. Rinneadh roinnt feabhsuithe suntasacha sa réimse seo ar aon dul leis an CPP. Mar sin féin, ní raibh earraí agus seirbhísí ar luach de thart ar €2.6m, a fuarthas in 2018, comhlíontach go hiomlán . Tá an figiúr seo bunaithe ar athbhreithniú ar chaiteachas a rinneadh ar fud níos mó ná tríocha scoil agus ionad aonair i réimsí lena n-áirítear bus/iompar, dlí, páipéir scrúdaithe, turais scoile agus costais soláthair oifige. Meastar go mbeidh €1.64m den mhéid seo comhlíontach in 2019, mar thoradh ar ghníomhartha a rinneadh cheana. Tá obair ar siúl chun aghaidh a thabhairt ar an iarmhéid atá fágtha ar aon dul leis an CPP.

**Ráitis Pinsean**

- Tá BOOLM fós neamhchomhlíontach maidir le ráitis sochair phinsin don scéim pinsin aonair. Tá BOOLM tar éis an chéad duine a earcú de bheirt bhall foirne a bheidh tiomanta do chomhlíonadh a bhaint amach sa réimse seo agus a bheidh ag úsáid an ardáin phárolla nua chun comhlíonadh a bhaint amach sa réimse seo. Idir an dá linn chuir BOOLM ráitis ghráid ar fáil do bhaill na scéime pinsin aonair .

Tá roinnt saincheisteanna rialaithe a sainaithníodh roimhe seo fós ábhartha. Is iad sin :

- Tá neartú ar na nósanna imeachta maidir le próiseáil sonrasc curtha i bhfeidhm tar éis calaoise atreoraithe sonrasc. Tá an t-ábhar seo faoi réir imscrúdú coiriúil. Chlúdaigh ár n-árachóir gach caillteanas agus tá athbhreithniú seachtrach ar siúl ar gach próiseas agus ar gach nós imeachta airgeadais; agus,
- Tá aghaidh á thabhairt ar theorainneacha na gcóras párolla oidhreachta agus bainistíochta airgeadais. Tá BOOLM ar an mbealach chun aistriú go feidhm seirbhísí comhroinnte párolla i mí an Mhárta 2020. Tá an t-aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais á chur chun cinn ar bhonn náisiúnta agus táthar ag súil go soláthrófaí tuairisciú agus rialuithe bainistíochta airgeadais feabhsaithe don réimse seo.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**

Tá BOOLM tiomanta do chóras rialaithe inmheánach éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch a oibriú. Rinne an bhainistíocht athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha agus cuireadh faoi bhráid an phríomhfheidhmeannaigh é. An 8 Márta 2019, bunaithe ar an athbhreithniú sin, dheimhnigh an príomhfheidhmeannach don choiste iniúchta agus riosca go raibh an córas rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus iomchuí a mhéid a bhí réasúnta praiticiúil.

In 2015 shocraigh bord BOOLM gur feidhm de chuid an choiste iniúchta é an forbhreathnú ar bhainistíocht riosca. Thuairiscigh an coiste iniúchta agus riosca do bhord BOOLM dhá uair - 14/05/18 agus 18/12/18. Faigheann an coiste iniúchta agus riosca tuarascálacha iniúchta agus litreacha bainistíochta arna n-eisiúint ag an C&AG, IAU agus iniúchóirí eile. Tá córas rianaithe moltaí á chothabháil agus faoi mhonatóireacht ag BOOLM.

Le linn dó a dhualgais a chomhlíonadh, bhuail an coiste iniúchta agus riosca le hionadaí ó oifig an C&AG, le ceann an aonaid iniúchta inmheánaigh agus le feidhmeannas BOOLM . Deimhníonn an coiste iniúchta agus riosca go bhfuil BOOLM curtha ar an eolas go hiomlán faoi na saincheisteanna thuasluaite agus na saincheisteanna go léir a d'ardaigh C&AG ag a chruinnithe boird éagsúla.

Is féidir liom a dhearbhú go ndearna BOOLM athbhreithniú ar na córais rialaithe inmheánaigh an 28 Márta 2019 agus aimsíodh go bhfuil siad ar leibhéal sásúil.

**Sínithe:**

______ ____

**An Clr. Nick Killian**
**Cathaoirleach**

**Dáta:**

21/1/2019.

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur i láthair do Thithe an Oireachtais

### Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 . Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta
- an ráiteas oibríochta
- an ráiteas ar shócmhainní reatha agus dliteanais reatha agus
- na nótaí gaolmhara.

Is é mo thuairim

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird do 2018 agus ar staid chúrsaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2018 i; agus
- tá na ráitis airgeadais de réir na beartais chuntasaíochta arna leagadh síos ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

#### *Bunús don Tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (ISAs) mar a d'fhógair Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchta Uachtaraigh. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúchta a fuair mé agus tá sé cuí chun bunús do mo thuairim a sholáthar.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an mBord mar aon leis na ráitis airgeadais. Tá sí comhdhéanta de ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, ráiteas maidir le rialú inmheánach, agus sceideal de ghníomhaíochtaí agus chostais phá. Déantar cur síos ar **mo** chuid freagrachtaí a thuairisciú maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a thuairiscím trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tarraingím aird ar an ráiteas maidir le rialú inmheánach ina nochtar gur thabhaigh an Bord caiteachas suntasach in 2018, agus nach raibh na nósanna imeachta a leanadh i gcomhréir le treoirlínte um sholáthar poiblí. Leagtar amach sa ráiteas freisin na céimeanna a ghlac nó a phleanáil an Bord chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo.

Seamus Mc Carthy -

**Seamus McCarthy**

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**Samhain 2019**

## Freagracht comhaltaí an Bhoird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas ar fhreagrachtaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- na ráiteas airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 51 den Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna 2013
- leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta staid airgeadais an Bhoird ag am ar bith
- sócmhainní an Bhoird a chosaint agus bearta réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaois agus mírialtachtaí eile.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 ráitis airgeadais an Bhoird a iniúchadh agus tuairisc fúthu a chur faoi bhráid Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus atá iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is dearbhú ardleibhéil é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfear míráiteas ábhartha i gcónaí, nuair a bhíonn siad ann, fiú nuair a dhéantar an t-iniúchadh de réir ISAnna. Féadtar míráiteas teacht as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadtar a mheas go réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a ghlactar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, déanaim breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus sceipteachas gairmiúil a choinneáil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le mí-thuairisciú ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid; dearaim agus déanaim na nósanna imeachta iniúchta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim sách fianaise iniúchta cuí chun bunús a sholáthar do mo thuairim. Tá an baol níos airde nach mbraithfí mífhaisnéis as calaois ná mar a bhraithfí mífhaisnéis as earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh thoiliúla, mífhaisnéis, nó maolú de rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht meastachán cuntasaíochta agus nochtadh gaolmhar.
- Tagaim ar an gconclúid an gcuirtear ioncam agus caiteachas an Bhoird i láthair i gceart sna ráitis airgeadais nó nach gcuirtear agus an gcuirtear nó nach gcuirtear staid chúrsaí an Bhoird i láthair leis an ráiteas ar iarmhéideanna, mar a léirítear leis an ráiteas ar shócmhainní reatha agus dliteanais reatha.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar iomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear nochtadh, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thabharfaidh cur i láthair cothrom.

Cuirim in iúl dóibh siúd i gceannas rialachais, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí iniúchta suntasacha, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

I mo thuairim ar na ráitis airgeadais, ní chuimsítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin agus, ní chuirim in iúl aon chineál de chonclúid dearbhaithe air sin.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orm faoi na ISAanna ná an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair a léamh agus, atá é sin á dhéanamh againn, breithniú a dhéanamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó an míluaitear ár n-eolas a fuarthas san iniúchadh nó a mhalairt. Más rud é go bhfuil, bunaithe ar an obair a rinne mé, tagaim go dtí an tuairim go bhfuil míthuiscint ábhartha den eolas eile seo, ní mór dom an fíoras sin a thuairisciú.

### Ag tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúinsí speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má aithním ábhair ábhartha maidir leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Iarraim ar fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm i gcomhréir leis na cuspóirí atá beartaithe nó i gcás nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin de réir eisceacht más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach ionas go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

Gníomhaíochtaí agus Costais Phá

**Príomhghníomhaíocht**

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí oideachas agus oiliúint ar fáil ar fud chontaetha Lú agus na Mí mar atá leagtha amach thíos:

| Seirbhís | Líon na Suíomhanna | Líon na Rannpháirtithe* | Líon na dTairbhithe · • |
|---|---|---|---|
| Leibhéal Bunscoile | 2 | 252 | |
| Ionad don Scoil Eorpach | 1 | 40 | |
| Dara Leibhéal | 16 | 10,847 | |
| Iar-Ardteistiméireacht | 3 | 4,367 | |
| Breisoideachas | 97 | | 11, 811 |
| Soláthar Oiliúna | 12 | | 2, 877 |
| Ranganna Oíche / Páirtaimseartha | 9 | | 2, 940 |

Bunaithe ar Chlárú na Bliana Acadúla 2018/2019

* Duine a fhreastalaíonn ar chlár struchtúrtha ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha arna sholáthar ag BOOLM

*** Duine a bhaineann leas as seirbhís a sholáthraíonn BOOLM

**2 Seirbhísí Eile**

Feidhmíonn an Bord mar Ghníomhaire freisin agus ritheann sé Tionscadail Féinmhaoinithe.

Is éard atá i gceist le hobair na Gníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíochta nó mac léinn eile, de réir critéar comhaontaithe agus aisíoctar a chostas leis an mBord.

Is éard atá i gceist le Tionscadail Féinmhaoinithe ná cláir atá á rialú go hiomlán ag an mBord don Bhord nó d'eagraíochtaí eile.

**3 Costais Phá**

Is é an pá an príomhchostas don Bhord agus léiríonn an tábla seo a leanas na raonta pá agus líon na bhfostaithe i ngach raon:

| **Raon pá** | **Líon na bhfostaithe** | **Costas in 2018*** € |
|---|---|---|
| 0 - 59,999 | 1,908 | 43,730, 812 |
| 60,000 - 69,999 | 274 | 17,857,787 |
| 70,000 - 79,999 | 138 | 10,286, 992 |
| 80,000 - 89,999 | 30 | 2,503, 512 |
| 90,000 - 99,999 | 19 | 1,793,754 |
| 100,000 - 109,999 | 13 | 1,365,228 |
| 110,000 - 119,999 | 10 | 1, 144,417 |
| 120,000 - 129,999 | | |
| 130,000 - 139,999 | 2 | 261, 244 |
| **Iomlán** | **2,394** | **78,943,746** |

* Áirítear le costais phá ÁSPC fostóirí.

Ní dhéanann an BOO ranníocaíochtaí pinsin i leith fostaithe.

I gcomhréir leis na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, rinne an BOO Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean ó fhostaithe arbh ionann iad agus €2,807,473 a cuireadh ar ais chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus na Polasaithe Cuntasaíochta

**1 Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí an 1 Iúil 2013 agus tá a chuid feidhmeanna leagtha amach in alt 10 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tháinig Scoileanna Náisiúnta Pobail faoi Phátrúnacht BOOLM ag tús na bliana acadúla 2017/2018 .

**2 Polasaithe Cuntasaíochta Suntasacha**

**(a)** Bunús na Tíolactha

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair san fhoirm atá faofa ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuimsítear iontu Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Nuair is gá, tá na figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe athluaite ar na boinn chéanna leis na boinn don bhliain reatha.

**(b)** Bunús an Ullmhúcháin

Sa Ráiteas Oibriúcháin tá Fáltais agus Íocaíochtaí i nGrúpáil Cláir curtha i láthair agus déantar an Barrachas / (Easnamh) Airgid mar thoradh air a choigeartú do ghluaiseachtaí féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile chun toradh foriomlán na tréimhse a chinneadh ar bhonn fabhraithe.

Ullmhaítear an Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha ar an mbonn fabhruithe trí iarmhéideanna deontais stáit agus comhardaitheoirí eile a chinneadh ag méideanna a léiríonn an caiteachas gaolmhar a tabhaíodh de réir na rialacha maoinithe.

Tá Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh i Sócmhainní Reatha. Tá Dliteanais Phá agus Chostais san áireamh i nDliteanais Reatha.

**(c)** Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Tá na sócmhainní go léir a cheannaítear lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, daingneáin agus feistis agus trealamh oiliúna íoctha i mbliain an cheannaigh. Aithnítear deontais stáit chun ceannach sócmhainní inláimhsithe seasta a mhaoiniú sa bhliain chéanna.

**(d)** Stoic

Gearrtar gach stoc inchaite de réir mar a ceannaíodh iad.

**(e)** Aoisliúntas

Bronntar teidlíochtaí pinsin fhoireann BOO, iad siúd a d'aistrigh ó SOLAS san áireamh, faoi scéimeanna sochair shainithe.

Coinníonn an BOO asbhaintí aoisliúntais a dhéantar as pá fostaithe maidir leis na scéimeanna mar chuid de mhaoiniú comhaontaithe ón Státchiste.

Ní dhéanann an BOO aon ranníocaíochtaí i leith na scéimeanna.

Feidhmítear na scéimeanna neamh-mhaoinithe seo ar bhonn íoc mar a úsáidtear agus íocann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte na teidlíochtaí pinsin bliantúla thar ceann an BOO. Tá BOOnna freagrach as a bpinsin a riaradh. Cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna cistí pinsin ar fáil.

Ní dhearnadh soláthar sna ráitis airgeadais do chostas reatha na sochar todhchaí a fabhraíodh do bhaill foirne agus do phinsinéirí reatha faoi na scéimeanna seo.

(f) Cíosanna Léasa

Gearrtar gach cíos léasa de réir mar a thabhaítear iad.

**Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí**

**Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018**

| | **Nóta** | Bliain dar críoch **31/12/2018** € | Bliain dar críoch **31/12/2017** € |
|---|---|---|---|
| **ADMHÁLACHA** | | | |
| Deontais Iar-bhunscoile & Ceann-Oifige | 1 | 73,544,637 | 66,707,260 |
| Deontais Bhunscoile | 2 | 80, 609 | 86, 356 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | 3 | 29,228,722 | 28,264,154 |
| Deontais Sheirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 4 | | |
| Deontais Sheirbhísí Óige | 5 | 503, 190 | 796,422 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féin-Mhaoinithe | 6 | 6,685,837 | 7,553,290 |
| Deontais Chaipitil | 7 | 13,088,985 | 22,766,168 |
| | | 123,131,980 | 126, 173,650 |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | | |
| Iar-bhunscoileanna & Ceann-Oifige | 8 | 72,920,461 | 67,246,754 |
| Bunscoil | 9 | 103,911 | 69,267 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 10 | 28,142,967 | 27,75,532 |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 11 | | |
| Seirbhísí Óige | 12 | 628,471 | 642, 983 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 6 | 8,609,687 | 7,984,468 |
| Caipiteal | 7 | 12,376,676 | 23,535,480 |
| | | 122,782,173 | 126,954,484 |
| **Barrachas airgid /(easnamh) don bhliain** | | 349,807 | (780,834) |
| **Gluaiseacht i nglan-sócmhainní reatha eile** | **23** | (175,579) | 1,030,556 |
| **Barrachas / (Easnamh) ioncaim charnaigh don Bhliain** | | 174,228 | 249, 722 |
| **Barrachas/(easnamh) ioncaim amhail an 1 Eanáir** | | (1,776,037) | (2,025,759) |
| **Barrachas/(easnamh) ioncaim amhail an 31 Nollaig** | | **(1,601,809)** | **(1,776,037)** |

**Sínithe:**

**An Clr. Nick Killian**
**Cathaoirleach**

**Dáta:** 21/11/19.

**Sínithe:**

**Martin G. O'Brien**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta:** 21-11-19

Tá na nótaí ar leathanaigh 10 go 26 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo

**Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí**

**Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha amhail an 31 Nollaig 2018**

| | Nóta | 31/12/2018 € | 31/12/2017 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Deontais Stáit Athfhillteacha | **15** | 401,608 | 390, 108 |
| Deontais Stáit Caipitil | **16** | 887,390 | 1,841,073 |
| Ioncam Athfhillteach Eile | **17** | 273, 293 | 189,066 |
| Féichiúnaithe Thríú Páirtí | **18** | 42,405 | 12,940 |
| Iarmhéid Bainc | | 10,491,736 | 10,141,928 |
| | | 12, 096,432 | 12,575,115 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Deontais Stáit Athfhillteacha | **19** | 4, 250,052 | 3,416, 383 |
| Deontais Stáit Caipitil | **20** | 3, 749,496 | 3,990,868 |
| Ioncam Athfhillteach Eile | **21** | 2,093,979 | 3,907,982 |
| Dliteanais Phá & Costais | **22** | 3,604,714 | 3,035,919 |
| | | 13, 698,241 | 14,351, 152 |
| **Glan-Sócmhainní / (Dliteanais) Reatha** | | **(1,601,809)** | **(1,776,037)** |
| **Ionadaithe ag** | | | |
| **Barrachas / (easnamh) ioncaim** | | **(1,601,809)** | **(1,776,037)** |

| **Anailís ar bharrachas/(easnamh) ioncaim** | **Barrachas /(Easnamh) Coinnithe 31/12/2018** | **Barrachas / (Easnamh) Coinnithe Do 2018** | **Barrachas / (Easnamh) Coinnithe 31/12/2017** |
|---|---|---|---|
| **Clár** | € | € | € |
| Scoileanna & An Phríomhoifig | (1,573,636) | 220,718 | (1,794,354) |
| Deontais Chomhlachaithe Príomhscéime | (237,411) | 348,810 | (586,221) |
| Gníomhaireacht | (674,265) | 27,241 | (701,506) |
| Féin-mhaoiniú | 883,503 | (422,541) | 1,306, 044 |
| | **(1,601,809)** | **174,228** | **(1,776,03l)** |

**Sínithe:**

**An Clr. Nick Killian**
**Cathaoirleach**

**Dáta:** 21/11/19.

**Sínithe:**

**Martin G O'Brien**
**Príomhfheidhmeannach**

**Dáta:** 21-11-19

Tá na nótaí ar leathanaigh 10 go 26 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

| 1 Fáltais Iarbhunscoileanna & Ceannoifige | An Roinn Urraíochta / Maoinitheoir | Bliain dar Críoch 31/12/2018 € | Bliain dar Críoch 31/12/2017 € |
|---|---|---|---|
| **Pá** | | | |
| Glan-Dheontas Airgid Thirim Iarbhunscoileanna & Ceannoifige | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 63,574,121 | 57,666,329 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Coinnithe | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 2,664,320 | 2,625,495 |
| | | **66,238,441** | **60,291,824** |
| **Neamhphá** | | | |
| Glan-Dheontas Airgid Thirim Iarbhunscoileanna & Ceannoifige | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 4, 182,110 | 3,585, 375 |
| Táillí Teagaisc | Tuismitheoirí / Daltaí | 349,868 | 438, 852 |
| Díbhinn Árachais | Comhlachtaí Poiblí na hÉireann | 53,648 | 94, 015 |
| Cúlchiste Caipitil | Comhlachtaí Poiblí na hÉireann | 311,449 | |
| Ús Bainc | Banc | | 1 |
| Táillí d'Athscrúdú na hArdteistiméireachta | Tuismitheoirí/Daltaí | | 127 |
| Eile | Eile | | 113 |
| | | **4,897,075** | **4, 118,483** |
| **Cláir Bhainteacha** | | | |
| Tacaíocht Seirbhísí Scoile | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 1,009,252 | 1, 050,016 |
| Straitéis TFC Digiteach | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 316,457 | 322,610 |
| Deontas Leabhar ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 315,068 | 306,467 |
| Maoiniú ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 223,639 | 222,648 |
| Tacaíocht Seirbhísí Scoile- PLC | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 188,366 | 66, 282 |
| Clár na hIdirbhliana | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 98,420 | 90,345 |
| Coimhdeacht Iompair | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 50,379 | 21,750 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 47,414 | 48,320 |
| Deontas Ranga Speisialta | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 22,849 | 4,614 |
| Bunscoil Phobal Ard Rí | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 22, 500 | 61,537 |
| Deontas Leabharlainne | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 20,600 | 15,000 |
| Daoine eile - 11 a bhfuil ann | Roinn Oideachais agus Scileanna | 94,177 | 87, 364 |
| | | **2,409,121** | **2,296,953** |
| **Iomlán** | | **73,544,637** | **66,707,260** |

**2 Fáltais Bhunscoile**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Deontas Caipitíochta | An Roinn Oideachais agus Scileanna | **37,910** | 49,490 |
| Deontais Sheirbhísí Óige | An Roinn Oideachais agus Scileanna | **36,349** | 36,866 |
| Deontas Tosaigh Fhochairde | An Roinn Oideachais agus Scileanna | **6,350** | |
| | | **80,609** | **86,356** |

| 3 Admhálacha Bhreisoideachais agus Oiliúna | **An Roinn Urraíochta / Maoinitheoir** | **Bliain dar Críoch 31/12/2018** € | **Bliain dar Críoch 31/12/2017** € |
|---|---|---|---|
| Breisoideachas | | | |
| Ógtheagmháil | SOLAS | 4,268,975 | 4,530,300 |
| *SDOG* | SOLAS | 2, 001,926 | 2, 230,090 |
| Litearthacht d'Aosaigh lena n-áirítear ESOL | SOLAS | 1, 593,553 | 1, 195,584 |
| Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas | SOLAS | 1,131,366 | 1,147, 750 |
| Cíos Caipitil Feabhsaithe PLC | SOLAS | 366,740 | 202,847 |
| Tionscnamh Treorach um Oideachas Aosach | SOLAS | 322, 250 | 413, 784 |
| Oideachas Pobail / SPIDAS | SOLAS | 321, 729 | 570,752 |
| Oibriúcháin Eile | SOLAS | 282,126 | 668, 841 |
| Measúnuithe FETAC Ceaptha go hÁitiúil | SOLAS | 220, 210 | 193,468 |
| Tionscadal Nuálach | SOLAS | 209,159 | 159, 723 |
| Athlonnú Dídeanaithe | SOLAS | 165,919 | 235,525 |
| Caipitíocht Fheabhsaithe PLC | SOLAS | 103,145 | |
| Scileanna don Obair | SOLAS | 92,998 | |
| Seirbhísí Treoirchomhairleoireachta & Síceolaíochta | SOLAS | 69,470 | 45, 570 |
| Tionscnamh um Riachtanais Oideachais Speisialta | SOLAS | 64, 030 | 51,650 |
| Dian-theagasc | SOLAS | 13, 510 | 163,724 |
| Litearthacht Teaghlaigh ROS | SOLAS | 8,654 | 55,652 |
| | | **11,235,760** | **11,865,260** |
| **Oiliúint** | | | |
| Soláthraithe Sainoiliúna (STP) | SOLAS | 2,215,753 | 1,592,556 |
| Tionscnamh Oiliúna Áitiúil | SOLAS | 1, 785,224 | 1,863,334 |
| Oiliúint Scileanna & Nasc-Chúrsaí | SOLAS | | 825, 257 |
| Foireann & Oibríochtaí Ionad Oiliúna | SOLAS | 3,707, 352 | 3,684,149 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | SOLAS | 992, 391 | 792, 147 |
| Cúrsaí oiliúna | SOLAS | 2,621,939 | 1,635,165 |
| Printíseacht | SOLAS | 4,515,751 | 4,124,545 |
| Oiliúint Scileanna agus Cúrsaí Tráthnóna | SOLAS | 2,154,552 | 1, 881,741 |
| Eile | SOLAS | | |
| | | **17,992, 962** | **16,398,894** |
| **Iomlán** | | **29,228,722** | **28,264,154** |

**Fáltais Sheirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn**

**4** Deontais agus Scoláireachtaí An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Fáltais Sheirbhísí Óige**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5** Obair Óige | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 143,140 | 129,640 |
| Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 112, 366 | 88, 989 |
| Tionscadal Boomerang um Fhorbairt Óige Dhroichead Átha | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 100, 920 | 60, 000 |
| YPFSF | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 76, 734 | 66, 072 |
| Deontas Caipitil Óige | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 53,280 | |
| Tionscnamh LGBTI + | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 12, 000 | |
| Trealamh Chlub Óige Áitiúil | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 4, 750 | 431, 163 |
| Cúnamh Teicniúil Chlub Óige Áitiúil | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | | 19, 558 |
| Clár Oibre Chlub Óige Áitiúil do 21 | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | | 1,000 |
| | | **503,190** | **796,422** |

**Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - Bliain dar Críoch 31 Nollaig 2018**

**6 Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe**

**GNÍOMHAIREACHTAÍ**

| Mír Tionscadal | An Roinn Urraíochta / Maoinitheoir | Bliain dar Críoch 31/12/2018 Admhálacha | Íocaíochtaí Pá | Íocaíochtaí Neamh-Phá | Íocaíochtaí Iomlán | Bliain dar Críoch 31/12/2017 Admhálacha | Íocaíochtaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € | € | € |
| Clár Críochnaithe Scoileanna | TUSLA Gníomhaireacht um Leanaí & an Teaghlach | 773, 361 | 652, 559 | 169, 522 | 822, 081 | 776, 318 | 744, 986 |
| Béilí Scoile | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 699, 718 | 0 | 691, 152 | 691, 152 | 617, 605 | 587, 066 |
| Music Generation Clár Eile | **Music Generation** | 399, 572 | 301,504 | 61, 026 | 362, 530 | 332, 358 | 360, 372 |
| **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 189, 131 | 189, 262 | 0 | 189, 262 | 346, 203 | 157, 852 |
| Deontas Míchumais do Mhac Léinn | ÚAO | 159,605 | 195,268 | 30, 824 | 226,092 | 199,251 | 166,778 |
| INECVET | **Gníomhaireacht Fheidhmeannach an Choimisiúin Eorpaigh** | 150,000 | | 138,502 | 138,502 | | 218, 723 |
| Aisghabháil Tuarastail/SOLAS BOO | An Roinn Oideachais agus Scileanna | **128,728** | | 126,723 | 126,723 | 77,730 | 79,735 |
| Clár Críochnaithe Scoile | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 101,084 | | 106.455 | 106,455 | 141,250 | 130,120 |
| Clár Críochnaithe Scoile | POBAL | 100,956 | | 86,652 | 86,652 | 72.589 | 89,557 |
| DID-WOT | **Leargas** | 99,386 | | 121,639 | 121,639 | | 82,685 |
| Lire 2 | **Gníomhaireacht Fheidhmeannach an Choimisiúin Eorpaigh** | 94,503 | | 37,286 | 37,286 | | 112,211 |
| SCP Deeside | SCP Deeside | 76,436 | | 85,056 | 85,056 | 65.443 | 80,427 |
| Eile - 19 a bhfuil ann (faoi €50k) | | 230,054 | 75,712 | 196,518 | 272,230 | 382,107 | 364,620 |
| IOMLÁN | | **3,202,5** | 1,414,305 | 1,851,355 | 3,265,660 | 3,010,854 | 3,175,132 |
| **TIONSCADAIL FÉIN-MHAOINITHE** | | | | | | | |
| Dara Leibhéal - Cíos Leabhar | Tuismitheoirí / Daltaí | 524,227 | 20,758 | 671,164 | **691,922** | 744,222 | 436,706 |
| Dara Leibhéal - Gníomhaíochtaí & Turais do Mhic Léinn | Tuismitheoirí / Daltaí | 507,362 | | 573,736 | **573,736** | 421,292 | 514,352 |
| Dara Leibhéal - Ranníocaíocht ó Mhic Léinn | Tuismitheoirí / Daltaí | 265,351 | | 408,757 | **408,757** | 349,289 | 310,382 |
| Dara Leibhéal - Áiseanna ceaintín | **Éagsúil** | 20 | | 206,316 | **206,316** | 102,650 | 88,151 |
| | | 3,535 | | | | | |
| Ranníocaíocht ó Rannpháirtí ar Chlár PLC | Tuismitheoirí / Daltaí | 198,695 | | 282,755 | **282,755** | 187,600 | 157,948 |
| Cuntais Bhainc Scoile | Tuismitheoirí / Daltaí | 182,365 | | 361,436 | **361,436** | 159,348 | 743,207 |
| Ranníocaíocht Seirbhísí Mac Léinn PLC | Tuismitheoirí / Daltaí | 176,781 | | 1,301,206 | **1,301,206** | 630,933 | 663,702 |
| Dara Leibhéal - Idirbhliain | Tuismitheoirí / Daltaí | 175,750 | | 242,048 | **242,048** | 230,318 | 136,074 |
| Dara Leibhéal - Scrúduithe Bréige | Tuismitheoirí / Daltaí | 170,874 | 3,111 | 118,876 | **121,987** | 65,920 | 19,388 |
| Dara Leibhéal - Úsáid na nÁiseanna | **Éagsúil** | 136 ,1 00 | 3,099 | 44,967 | **48,066** | 1,975 | |
| Dara Leibhéal - Staidéar faoi Mhaoirsiú | Tuismitheoirí / Daltaí | 133,477 | | 44,967 | **44,967** | 102,004 | 123,548 |
| Dara Leibhéal - Táibléad / Ríomhairí Glúine | Tuismitheoirí / Daltaí | 121,783 | | 155,345 | **155,345** | 95,570 | 94,510 |
| Dara Leibhéal - Priontáil agus Fótachóipeáil | Tuismitheoirí / Daltaí | 108,585 | | 84,042 | **84,042** | | |
| Dara Leibhéal - Imeachtaí Scoile | Tuismitheoirí / Daltaí | 63,259 | | 49,912 | **49,912** | 58,014 | 57,916 |
| Dara Leibhéal - Ceolseónna | Tuismitheoirí / Daltaí | 60,628 | | 57,936 | **57,936** | | |
| Dara Leibhéal - Téacs chuig Tuismitheoir | Tuismitheoirí / Daltaí | 54,378 | | 26,328 | **26,328** | | |
| Eile - 26 a bhfuil ann | | 400,153 | 168,683 | 518,585 | 687,268 | 1,393,301 | 1,463,452 |
| | | 3,483,303 | 195,651 | 5,148,376 | 5,344,027 | 4,542.436 | 4,809,336 |
| **Iomlán** | | **6,685,837** | **1,609,956** | **6,999,731** | **8,609,687** | **7,553,290** | **7,984,468** |

• **Is éard atá i gceist le hobair na Gníomhaireachta ná clár a reáchtáil thar ceann eagraíochta nó mac léinn eile, de réir critéar comhaontaithe agus aisíoctar a chostas leis an mBord.**

Is éard atá i gceist le Tionscadail Féinmhaoinithe ná cláir atá á rialú go hiomlán ag an mBord don Bhord nó d'eagraíochtaí eile.

Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais - An Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

| 7 Caipiteal | Bliain dar críoch 31/12/2018 € | Bliain dar críoch 31/12/2017 € |
|---|---|---|
| **Fáltais** | | |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | 12,739,000 | 22,766,168 |
| SOLAS | 349,985 | |
| | **13,088,985** | **22,766,168** |

| **Íocaíochtaí** | | | Bliain dar críoch 31/12/2018 € | Bliain dar críoch 31/12/2017 € |
|---|---|---|---|---|
| **Saoráid** | | **Cineál Caiteachais** | | |
| Scoil Phobail Bhaile Átha Fhirdhia | | Tionscadal Cineachta | 4,139,879 | 5,329,329 |
| Scoil Uí Mhuirí | | Síneadh | 1,313,058 | 1,975,830 |
| Coláiste Dhún Búinne | | Síneadh | 710,181 | 1,756,038 |
| Coláiste Beaufort | | Síneadh | 598,986 | 5,948,603 |
| Coláiste Chu Chulainn | | Troscán agus Trealamh | 323,349 | |
| Scoil Phobail Bhaile Átha Fhirdhia | | Troscán agus Trealamh | 322,240 | |
| Colaiste Na Mí | | Cíos | 309,886 | 197,103 |
| Coláiste Ráth Tó | | Síneadh | 297,669 | 1,999,369 |
| Coláiste Beaufort | | Troscán agus Trealamh | 234,911 | 52,919 |
| Maigh Dearmhaí | | Troscán agus Trealamh | 230,992 | 348,973 |
| Ráth Chairn | | Scéim Oibreacha Samhraidh | 186,562 | |
| Coláiste Ráth Tó | | Scéim Oibreacha Samhraidh | 185,190 | |
| Scoil Bush | | Cóiríocht Shealadach | 175,057 | 160,914 |
| Scoil Bush | | Tionscadal Cineachta | 174,768 | 71,071 |
| Coláiste Dhún Búinne | | Troscán agus Trealamh | 170,418 | |
| Coláiste Chu Chulainn | | TCF | 168,905 | |
| Coláiste O'Fiaich | | Foirgnimh réamhdhéanta | 167,783 | |
| Scoil Phobail Bhaile Átha Fhirdhia | | TCF | 160,299 | |
| Coláiste Ráth Tó | | Urlár | 152,842 | |
